# Scéim Clibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal

Is leis an Scéim Clibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal a rialaítear an iascaireacht bradán agus breac geal in Éirinn agus is é Iascach Intíre Éireann a riarann í. Tabhair faoi deara go bhfuil na rialacháin agus na fodhlíthe faoi réir athrú. Déan teagmháil le d'oifig áitiúil Iascach Intíre Éireann chun eolas a fháil ar aibhneacha aonair.

Ní mór do gach sealbhóir ceadúnais slaite bradán clib geolbhaigh a ghreamú de gach bradán a choinnítear (méid ar bith), nó breac geal (os cionn 40cm) a luaithe a mharaítear an t-iasc.

## 1. TEORAINNEACHA MÁLA

Tá teorainn náisiúnta mála slatiascaireachta 10 mbradán (méid ar bith) nó breac geal (os cionn 40cm) ann ar aibhneacha inar féidir leat bradáin a ghabháil agus a choinneáil (Tábla 1). Tá na teorainneacha mála faoi réir aon chuóta a leithdháiltear ar abhainn agus ar a fo-aibhneacha. Ní choinneoidh duine bradán fiáin (aon mhéid) ná breac geal (os cionn 40cm) ó abhainn seachas abhainn a luaitear i dTábla 1.

Faoi réir na huasteorann bliantúla mála deich n-iasc, féadfaidh slatiascaire an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Teorainn Laethúil Mála - an 1 Eanáir go dtí an 11 Bealtaine -** Bradán amháin (méid ar bith) nó breac geal amháin (os cionn 40cm) in aghaidh an lae (féadfar trí iasc san iomlán a choinneáil don tréimhse sin).
- **Teorainn Laethúil Mála — an 12 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa — Trí bhradán (méid ar bith) nó trí bhreac geal (os cionn 40cm) in aghaidh an lae (ach amháin sa chás go bhfuil gnáthcheadúnas slaite bradán (aonlae) i seilbh, 1 iasc).**
- **Teorainn Laethúil Mála - an 1 Meán Fómhair go dtí deireadh an tséasúir:** Bradán amháin (méid ar bith) nó breac geal amháin (os cionn 40cm) in aghaidh an lae.
- Tá teorainn laethúil mála trí bhreac gheala (faoi 40cm) ann in aghaidh an tslatiascaire in aghaidh an lae.
- Tabhair faoi deara gur cion é aon bhreac geal a mharú sna huiscí seo a leanas;
  - Ceantair Iascaigh na Gaillimhe, Chonamara nó Bhaile na Cille lena n-áirítear ar muir ó Cheann Caillí i gContae an Chláir go Cuan Mó (agus in aon uisce a shreabhann amach i gCuan Mó) i gCeantar Iascaigh Bhaingear ó dheas de líne arna tarraingt soir agus siar trí Cheann Acla,
  - Ceantar Chiarraí, sa chuid sin den fharraige soir ó líne idir Ceann Bhólais agus Ceann an Uain agus na huiscí go léir a scaoiltear amach ann (.i. limistéar an Choireáin).

Tar éis an teorainn laethúil mála a ghabháil, ceadaítear do shlatiascairí iascaireacht ghabháil agus scaoileadh a dhéanamh, ag baint úsáide as duáin loma shingile nó dhúbailte agus ní fhéadfaidh slatiascairí péisteanna a úsáid. Baineann sé seo freisin do shlatiascairí a d'úsáid a leithdháileadh clibeanna gorma (nó clibeanna donn i gcás ina bhfuil feidhm acu) nó nach bhfuil clib ghorm ná dhonn neamhúsáidte ina seilbh acu don abhainn lena mbaineann. Toirmisctear iasc bréan a mharú agus a shealbhú.

Ar aibhneacha ina gceadaítear gabháil agus scaoileadh (Tábla 2):

- ní fhéadfaidh slatiascairí péisteanna a úsáid.
- ní mór do shlatiascairí duáin loma shingile nó dhúbailte a úsáid.
- ní mór an t-iasc a láimhsiú go cúramach agus níor cheart é a bhaint den uisce sula scaoilfí saor é.

Toirmisctear an tslatiascaireacht bradán (méid ar bith) agus breac geal (os cionn 40cm) ar gach abhainn eile (Tábla 3).

- Toirmisctear leis na Rialacháin ar Abhainn na Sláine úsáid; (a) aon bhaoite bréige seachas cuileog shaorga lena n-úsáidtear duán lom singil nó dúbailte sa chuid sin d'Abhainn na Sláine in aghaidh srutha ó Dhroichead Iarnróid Inis Córthaidh, nó (b) péisteanna mar bhaoite nó aon duán éisc, seachas duán lom singil, sa chuid sin d'Abhainn na Sláine le sruth ó Dhroichead Iarnróid Inis Córthaidh go béal Abhainn na Sláine (fodhlí uimh. 1,000, 2022).
- Toirmisctear leis na Rialacháin ar Abhainn na Siúire péisteanna, cloicheán, ribí róibéis nó aon chrústach nó foirmeacha saorga eile díobh a úsáid mar bhaoite agus aon duán éisc seachas duán lom singil nó dúbailte (fodhlí uimh. 999, 2022).

## 2. CEADÚNAS A FHÁIL

Is féidir le slatiascairí a gceadúnas a fháil ó Iascach Intíre Éireann, ar líne ag store.fishinginireland.info nó ó aon dáileoir ceadúnas slaite. Ar íoc na táille ceadúnais slaite, tabharfar an méid seo a leanas don slatiascaire:

- An ceadúnas slaite ábhartha, an logleabhar comhbhainteach agus tiachóg phlaisteach don cheadúnas/logleabhar.
- 3 chlib geolbhaigh ina n-eisítear gnáthcheadúnas slaite bradán (bliantúil), gnáthcheadúnas óg, ceantair nó 21 lá suas go dtí an 11 Bealtaine agus 7 gclib geolbhaigh eile (arna n-eisiúint ina mbearta de 3 nó 4 cinn) ón tréimhse 12 Bealtaine go dtí an 30 Meán Fómhair suas go dtí uasmhéid de 10 gclib geolbhaigh san iomlán ar choinníoll go léiríonn siad go bhfuil a logleabhar comhlánaithe go cuí acu.
- 1 chlib geolbhaigh i gcás ina n-eisítear gnáthcheadúnas slaite bradán (lá amháin) go dtí deireadh an tséasúir.
- Clúdach freagartha gnó chun an logleabhar agus na clibeanna neamhúsáidte a chur ar ais chuig oifig ábhartha Iascach Intíre Éireann.

## 3. AN CHLIB

Gléas féinghlasála plaisteach gorm is ea an chlib atá le húsáid ag slatiascairí (tá clib dhonn bhreise ag teastáil freisin d'aibhneacha áirithe (féach Tábla 1 — Iascach Oscailte le Barrachas Roghnach Fómhair - 2023) lena chinntiú nach sáraítear cuótaí slatiascaireachta. Déan teagmháil le hoifig ábhartha IIÉ chun sonraí a fháil ar conas clibeanna donna a fháil). Tá cód cabhartha le gach clib ghorm lena sainaithnítear áit eisiúna na clibe, an bhliain inar féidir an chlib a úsáid, cód slándála agus sraithuimhir clibe.

Ba cheart do shlatiascairí na nithe seo a leanas a thabhairt faoi deara go cúramach maidir le húsáid na gclibeanna seo:

- Eiseofar clibeanna do gach sealbhóir ceadúnais slaite dá (h)úsáid féin amháin. Ní féidir clibeanna a aistriú idir sealbhóirí ceadúnais.
- Beidh clib amháin greamaithe de gach bradán (méid ar bith) nó breac geal (os cionn 40cm) a ghabhtar agus a choinnítear.
- Caithfear clibeanna a ghreamú láithreach ar thabhairt i dtír an éisc. Ní dhéanfar na clibeanna sin a athúsáid.
- Déanfar clibeanna a ghreamú trí oscailt geolbhaigh agus béal an éisc agus faoi ghlas dúbailte go daingean ar fud chlúdach an gheolbhaigh.
- Eiseofar clibeanna breise ar fhaisnéis logleabhair a chur i láthair ina dtaispeánfar gur úsáid an sealbhóir ceadúnais na clibeanna geolbhaigh a eisíodh chuige nó chuici, faoi réir teorainneacha mála.
- Féadfar clibeanna a cailleadh agus a scriosadh de thaisme a athsholáthar ar dhearbhú sínithe a chur i láthair atá comhlánaithe ag an slatiascaire agus sínithe ag Oifigeach Údaraithe le hIascach Intíre Éireann.
- Ní dhéanfar clibeanna geolbhaigh a bhaint den iasc ach amháin tráth na próiseála i gcomhréir leis na Rialacháin um Scéim Clibeála. Chun críocha na scéime seo áirítear leis an bpróiseáil: an t-iasc a dheatú, a mharanáidiú nó a chócaráil, an t-iasc a scoilt agus a reo nó aon stéig, gearrthóg nó sciar den iasc a ghearradh.

## 4. AN LOGLEABHAR

Gheobhaidh an slatiascaire logleabhar i dteannta ar fháil na gclibeanna. Iontrálfaidh an gníomhaire eisiúna mionsonraí na gclibeanna geolbhaigh a eisítear chuig slatiascaire i logleabhar an tslatiascaire. Déanfaidh gach slatiascaire an méid seo a leanas:

- Beidh an logleabhar ina s(h)eilbh agus é/í ag iascaireacht bradán nó breac geal.
- Gach mionsonra dá ngabháil a thaifeadadh ina logleabhar láithreach bonn tar éis an t-iasc a chlibeáil.
- Taifead gabhála a dhéanamh fiú amháin má scaoiltear an t-iasc.
- Mionsonraí d'aon chlib chaillte nó dhamáistithe a thaifeadadh.
- Logleabhair chaillte nó dhamáistithe a dhearbhú d'Iascach Intíre Éireann.




# Rialacháin Slatiascaireachta Bradán agus Breac Geal 2023

Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

Áirítear sa bhileog seo faisnéis faoi stádas aibhneacha (oscailte, dúnta agus gabháil agus scaoileadh), teorainneacha mála, ceadúnas a fháil, úsáid cheart logleabhar agus clibeanna geolbhaigh.

## 5. LOGLEABHAIR AGUS CLIBEANNA NEAMHÚSÁIDTE A THABHAIRT AR AIS

I gcomhréir leis an Scéim Clibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal, ceanglaítear ar shlatiascairí in Éirinn de réir an dlí a logleabhair chomhlánaithe (fiú mura bhfuil aon ghabháil taifeadta) agus gach clib neamhúsáidte a sheoladh ar ais chuig oifig eisiúna Iascach Intíre Éireann laistigh faoin 19 Deireadh Fómhair 2023. Cuirtear clúdach freagartha gnó ar fáil chun na críche sin. Ceanglaítear ar shlatiascairí cruthúnas postais a fháil agus cruthúnas den sórt sin a choinneáil go ceann 12 mhí.

## 6. TOIRMEASC AR DHÍOL BRADÁN NÓ BREAC GEAL ARNA nGABHÁIL LE SLAT

Tá cosc ar shlatiascairí bradáin (méid ar bith) nó bric gheala (méid ar bith) a dhíol a ghabhtar le slat agus ruaim.

Ullmhaíodh na treoirlínte seo chun críocha faisnéise amháin agus ní airbheartaítear aon léirmhíniú dlíthiúil leo. Ba cheart do shealbhóir ceadúnais slaite é féin nó í féin a chur ar an eolas faoi alt 69 den Acht um Iascach Intíre, 2010 (Uimh. 10 de 2010), na Rialacháin atá i bhfeidhm faoi láthair um Scéim Clibeála Bradán agus Breac Geal agus na Fodhlíthe Caomhnaithe Bradán agus Breac Geal.

- **Iascach Intíre Éireann,**
  3044 Céide an Locha,
  Campas Gnó Iarthar na Cathrach,
  D24 CK66,
  Éire.
  Gréasán: www.fisheriesireland.ie
  R-phost: dublin@fisheriesireland.ie
  Fón: +353 1 8842693
- **Iascach Intíre Éireann,**
  Sráid Anglesea,
  Cluain Meala, Co. Thiobraid Árann,
  E91 RD25,
  Éire.
  Gréasán: www.fisheriesireland.ie
  R-phost: clonmel@fisheriesireland.ie
  Fón: +353 52 6180055
  Facs: +353 52 6123971
- **Iascach Intíre Éireann,**
  Teach Sunnyside,
  Maigh Chromtha, Co. Chorcaí,
  P12 X602,
  Éire.
  Gréasán: www.fisheriesireland.ie
  R-phost: macroom@fisheriesireland.ie
  Fón: +353 26 41221
  Facs: +353 26 41223
- **Iascach Intíre Éireann,**
  Páirc Gnó Ashbourne,
  Bóthar an Duga, Luimneach,
  V94 NPEO,
  Éire.
  Gréasán: www.fisheriesireland.ie
  R-phost: limerick@fisheriesireland.ie
  Fón: +353 61 300238
  Facs: + 353 61 300308
- **Iascach Intíre Éireann,**
  Teach Breac,
  Oileán an Iarla, Gaillimh,
  H91 E2A2,
  Éire.
  Gréasán: www.fisheriesireland.ie
  R-phost: galway@fisheriesireland.ie
  Fón: +353 91 563118
  Facs: +353 91 566335
- **Iascach Intíre Éireann,**
  Teach Ard na Rí,
  Sráid na Mainistreach, Béal an Átha,
  Co. Mhaigh Eo,
  F26 K029,
  Éire.
  Gréasán: www.fisheriesireland.ie
  R-phost: ballina@fisheriesireland.ie
  Fón: +353 96 22788
  Facs: +353 96 70543
- **Iascach Intíre Éireann,**
  Bóthar an Stáisiúin,
  Béal Átha Seanaidh,
  Co. Dhún na nGall,
  F94 WV76,
  Éire.
  Gréasán: www.fisheriesireland.ie
  R-phost: ballyshannon@fisheriesireland.ie
  Fón: +353 71 9851435
  Facs: +353 71 9851816

| Tábla 1 - Iascach Oscailte ag a bhfuil Barrachas Roghnaithe Fómhair - 2023 | |
|---|---|
| **Uimh. 4 Ceantar Leasa Móire** | **Uimh. 10(1) nó Ceantar Bhaile na Coille** |
| An Abhainn Mhór, | Abhainn Bhun Dorcha (Delphi) (clib dhonn de dhíth — cód H4), |
| Abhainn Ghleann Síothláin, | Abhainn na hOirimhe, |
| An Fhinisc, | Abhainn Chúil Finn, |
| **Uimh. 5 nó Ceantar Chorcaí** | Abhainn Damhrois, |
| Abhainn na Bandan, | Abhainn Ghlinne (an Clochán) (clib dhonn de dhíth - cód D3), |
| An Laoi Íochtarach (clib dhonn de dhíth - cód N4), | Abhainn Bhun Abhann, |
| An Aighlinn, | Abhainn Cheathrú an Uisce (clib dhonn de dhíth - cód K3), |
| An Mhíolach, | **Uimh. 10 (2) nó Ceantar Bhaingear** |
| Abha Mheáin, | Loch na Ceathrún Móire (clib dhonn de dhíth - cód O4), |
| Abha Chom Sheola, | An Abhainn Dubh, |
| An Gleann Garbh, | Abhainn na Daraí Duibhe (lena n-áirítear Loch Bhéal Trá agus An Crompán) (clib dhonn de dhíth go dtí an 11 Bealtaine amháin - cód N3), |
| **Uimh. 7 nó Ceantar Chiarraí** | An Abha Mhór (clib dhonn de dhíth - cód A4), |
| An Ruachtach, | **Uimh. 11 nó Ceantar Bhéal an Átha** |
| An tSimhin, | An Mhuaidh, |
| An Leamhain, | An Iascaigh, |
| Abha Oileán Úcaire, | **Uimh. 12 nó Ceantar Shligigh** |
| Abha an Choireáin/An Comarach/Loch Luíoch, | Baile Easa Dara, |
| Abha na Snadhma, | Abhainn Dhroim Chliabh agus Loch Ghleann an Chairthe, |
| Abhainn Chárthaí, | **Uimh. 13 nó Ceantar Bhéal Átha Seanaidh** |
| An Abhainn Mhór, | An Drobhaois, |
| An Mhaing, | An Abhainn Bhuí, |
| An Chróinseach, | **Uimh. 14 nó Ceantar Leitir Ceanainn** |
| An Fhearta, | Abhainn Ghaoth Beara (Oscailte ón 12 Bealtaine), |
| **Uimh. 9 (1) nó Ceantar na Gaillimhe** | An Chláidigh (clib dhonn de dhíth - cód S4), |
| Abhainn na Gaillimhe, | Gaoth Dobhair (Croithlí), |
| **Uimh. 9 (2) nó Ceantar Chonamara** | Abhainn Thulacha Beigile, |
| Abhainn Chasla, | An Chrannach (clib dhonn de dhíth - cód Q4), |
| An Abhainn Mhór, (clib dhonn de dhíth - cód P3), | Abhainn tSocair(clib dhonn de dhíth – cód G4), |
| | Abhainn Fhia (clib dhonn de dhíth - cód G4), |
| | **Uimh. 17(2) nó Ceantar Dhún Dealgan** |
| | Abhainn Átha Feán (clib dhonn de dhíth - cód F4), |

| Tábla 2 - Iascach Oscailte - Gabháil agus Scaoileadh Amháin - 2023 | |
|---|---|
| **Uimh. 1 nó Ceantar Bhaile Átha Cliath** | **Uimh. 9 (2) nó Ceantar Chonamara** |
| An Life Íochtarach (le sruth ó Dhamba Léim an Bhradáin), ® ®+ | Scríb, ® |
| **Uimh. 2 nó Ceantar Loch Garman** | **Uimh. 10(1) nó Ceantar Bhaile na Coille** |
| An tSláine, (Gabháil agus Scaoileadh an 17 Márta - an 31 Lúnasa, Dúnta Seachas sin), ® | An Abhainn Bhuí (Béal Chláir), ® |
| | **Uimh. 10 (2) nó Ceantar Bhaingear** |
| **Uimh. 3 nó Ceantar Phort Láirge** | Abhainn Ghleann na Muaidhe, ® |
| An Bhearú, | **Uimh. 11 nó Ceantar Bhéal an Átha** |
| an tSiúir, | Abhainn Chluanach Mór (An Abhainn Mhór), ® |
| Abhainn Pholl an Mhóintigh, | **Uimh. 12 nó Ceantar Shligigh** |
| An Fheoir, | An Gharbhóg (lena n-áirítear Loch Gile agus An Bhuanaid), ® - |
| **Uimh. 4 Ceantar Leasa Móire** | **Uimh. 13 nó Ceantar Bhéal Átha Seanaidh** |
| An Bhríd, ® | An Eidhnigh, ® |
| **Uimh. 5 nó Ceantar Chorcaí** | Abhainn an Ghleanna, ® |
| Airgidín, ® | Abhainn Áile, ® |
| Abhainn na Cora, ® | Abhainn Bhun Góistín, ® |
| **Uimh. 7 nó Ceantar Chiarraí** | An Duibh, ® |
| An Dóinn, ® | **Uimh. 14 nó Ceantar Leitir Ceanainn** |
| Abhainn an Scáil, ® | An Leanainn, ® |
| Abha Chluain Í, ® | Abhainn Ráithe, ® |
| Baile an Mhuilinn, ® | Leacach, (Gabháil agus Scaoileadh ón 12 Bealtaine), ® |
| An Eithne, ® | Abhainn Ghaoth Beara, (Gabháil agus Scaoileadh go dtí an 11 Bealtaine), ® |
| **Uimh. 8 nó Ceantar Luimnigh** | **Uimh. 17(1) nó Ceantar Dhroichead Átha** |
| An Mhaoilchearn, ® | An Bhóinn, ® - |
| An tSionainn Íochtarach, | **Uimh. 17(2) nó Ceantar Dhún Dealgan** |
| Abhainn an Dúin Bhig, ® | An Casán, ® |
| An Fheil, (lena n-áirítear Aibhneacha na Gáile agus na Bruice), ® | An Níth, ® - |

**Más gá duit iascaireacht neamhdhleathach nó truailliú uisce a thuairisciú, glaoigh ar 0818 34 74 24**

Leagan 23.1 - Grianghraf cumhdaigh: Buaiteoir duaise 'Catagóir Speisialta na mBreithiúna" i gcomórtas póstaeir náisiúnta 2022 'Something Fishy'- dalta rang a 6 Katie O'Neill as Laois.


| Tábla 3 - Iascach Dúnta - 2023 | |
|---|---|
| **Uimh. 1 nó Ceantar Bhaile Átha Cliath** | **Uimh. 9 (1) nó Ceantar na Gaillimhe** |
| An Deargail, ® | Droichead an Chláirín, ® |
| Abhainn Fheartraí, ® | Abhainn an Chnoic, ® |
| An Life Uachtarach (in aghaidh an tsrutha ó Dhamba Léim an Bhradáin), ® - | Abhainn na hAille, ® |
| **Uimh. 2 nó Ceantar Loch Garman** | Abhainn Bhoth Loisethe, An Spidéal, ® |
| Abhainn Abhóca, ® | Abhainn Chill Cholgáin, |
| Abhainn an Bharra, ® | **Uimh. 9 (2) nó Ceantar Chonamara** |
| An tSláine, (Dúnta go dtí an 16 Márta, Dúnta ón 1 Meán Fómhair), ® | Loch na Foirnéise, ® |
| **Uimh. 3 nó Ceantar Phort Láirge** | **Uimh. 10 (2) nó Ceantar Bhaingear** |
| An Abhainn Dubh, ® | An Abhainn Gharbh, ® |
| An Mhachain, ® | Abhainn Mhoing na Bó, ® |
| An Taoi, ® | An Srath Mór, ® |
| Abhainn Choilleagáin, ® | **Uimh. 11 nó Ceantar Bhéal an Átha** |
| Abhainn an Chomhraic, ® | An Bhrosnach, ® |
| **Uimh. 4 Ceantar Leasa Móire** | An Ghleoir, ® |
| An Luice, ® | Abhainn Bhaile an Ghleanna, ® |
| An Tuairigh, ® | **Uimh. 12 nó Ceantar Shligigh** |
| An Uaimneach, ® | Abhainn na Gráinsí, ® |
| **Uimh. 5 nó Ceantar Chorcaí** | **Uimh. 13 nó Ceantar Bhéal Átha Seanaidh** |
| An Laoi Uachtarach, | An Uinsinn, ® |
| Abhainn Eadargúil, ® | Abhainn Bhaile an tSratha (Murbhach), ® - |
| **Uimh. 7 nó Ceantar Chiarraí** | An Lathaigh (Sruthán), ® |
| An Óinseach, ® | An Éirne, |
| An Fhinnithe, ® | An Iascaigh, ® |
| Abha na Feothanaí, ® | **Uimh. 14 nó Ceantar Leitir Ceanainn** |
| An Abhainn Riabhach, ® | An Bhreacaigh, ® |
| Abha an Churraigh, ® | Abhainn an Ghearrtha, ® |
| Abha Chárthainn, ® | Abhainn an Mhuilinn, ® |
| Abha an Imligh, ® | Abhainn Chluain Maine, ® |
| An Lithe, ® | Abhainn na Sráide, ® |
| An Bheithe, ® | Abhainn na Marbh, ® |
| Abha na gCoilnse, ® | An tSúileach, ® |
| Loch Bhríde, ® | Abhainn Dhomhnach, ® |
| **Uimh. 8 nó Ceantar Luimnigh** | Abhainn Chúil Lúghoirt, ® |
| An Daoil, ® | Abhainn Ghleann Átha, ® |
| Aughyvackeen, ® | Abhainn Ghleann Ó gCanann, ® |
| Abhainn Áth na gCaorach, ® | An Leacach, (Dúnta go dtí an 11 ú Bealtaine), ® |
| An Eidhneach, ® | **Uimh. 17(2) nó Ceantar Dhún Dealgan** |
| An Forghas, | Glais Ghallaigh, ® |
| An Mháigh, ® | Abhainn Chaisleán Dhún Dealgan, ® |
| An tSionainn Uachtarach (in aghaidh an tsrutha ó Chora an Phairtín), | |
| Abhainn Ó gCearnaigh, | |
| Abhainn na Críche, ® | |

® D'ainneoin na srianta atá i bhfeidhm maidir le bradáin (méid ar bith) agus breac geal (os cionn 40cm), tá srianta breise lena dtoirmiscear péisteanna a úsáid mar bhaoite sa tslatiascaireacht do gach speiceas éisc eile i bhfeidhm in aibhneacha dúnta agus gabhála agus scaoilte áirithe. Ní féidir le slatiascairí duáin ioma shingile ná dhúbailte a úsáid ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag na srianta sin.

® - Faoi réir mhír ® thuas, ní fhéadfaidh srianta a bheith i bhfeidhm ar an abhainn ar fad.

® + Féadfaidh limistéir thearmainn ainmnithe toirmeasc a chur ar gach iascaireacht (m.sh. limistéir thearmainn ainmnithe le sruth ó Damba Léim an Bhradáin agus ó Chora Leamhcáin).

Ceadaigh suíomh gréasáin IIÉ www.fisheriesireland.ie nó d'oifig áitiúil IIÉ le haghaidh aon athrú nó leasú breise.




Ní mór dúinn go léir iascaireacht inbhuanaithe a dhéanamh, ionas gur féidir leis na glúnta atá le teacht taitneamh a bhaint as ár n-iascach. Déan **Gabháil agus Scaoileadh** le haghaidh an chuid is mó de na héisc a ghabhann tú. Agus tú ag bogadh idir iascaigh, déan cinnte i gcónaí do threalamh a **Sheiceáil**, a **Ghlanadh** agus a **Thriomú**, chun cuidiú le scaipeadh speiceas ionrach a chosc. Le tuilleadh eolais a fháil féach: **https://www.fisheriesireland.ie/what-we-do/research/re search-theme-biosecurity**

IASCAIREACHT INBHUANAITHE SEICEÁIL GLAN TRIOMAIGH I GCÓNAÍ